ACHT NA gCUIDEACHTAÍ, 2014

---

CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA NACH bhFUIL SCAIRCHAIPITEAL AICI

---

# BUNREACHT

## Gaeloideachas

## MEABHRÁN COMHLACHAIS

1. **Ainm**

Gaeloideachas, cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, is ainm don Chuideachta.

2. **Cineál cuideachta**

Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, atá cláraithe faoi Chuid 18 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, is ea an Chuideachta.

3. **Príomhchuspóir**

Is é an príomhchuspóir ar lena aghaidh atá an Chuideachta á bunú (an "Príomhchuspóir"):

3.1 Chun feidhmiú thar ceann seirbhísí luathbhlianta, scoileanna bunoideachais agus iarbhunoideachais arb é a bpolasaí oideachas a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge, sa seirbhís luathbhlianta/ scoil ina iomláine nó i gcuid den seirbhís luathbhlianta/ scoil, agus chun cearta, riachtanais agus polasaithe na seirbhís luathbhlianta/ scoileanna sin, a chur in iúl agus a mhíniú d'institiúidí Stáit agus don phobal;

3.2 Chun tabhairt faoi bhunú agus forbairt seirbhísí luathbhlianta agus scoileanna arb é a bpolasaí oideachas a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge;

3.3 Chun cuidiú le tuismitheoirí a gcearta maidir le hoideachas trí Ghaeilge a dheimhniú agus a dhearbhú, agus a gceart a bheith rannpháirteach i bhforbairt agus i bhfoghlaim a gcuid páistí sa bhaile, sa phobal agus sa seirbhís luathbhlianta/ scoil a threisiú;

3.4 Chun leanúnachas ó leibhéal go leibhéal sa chóras oideachais lánGhaeilge agus Gaeltachta a éascú agus a dheimhniú;

3.5 Chun rannpháirtíocht ghníomhach a ghlacadh i bhforbairt leanúnach pholasaí oideachais agus teanga an Stáit;

3.6 Chun tionscadail a chur chun cinn a bhfuil sé mar chuspóir acu pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta a bhunú, a bhuanú nó a threisiú;

3.7 Chun pé cúrsaí eile a eagrú a bheidh, de thuras na huaire, ina gcúrsaí carthanúla de réir bhrí Ailt 207, Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, nó aon síneadh modhnaithe nó athachtú a dhéanfaí air.

4. **Fochuspóirí**

Beidh ag an gCuideachta na fochuspóirí seo a leanas, a ghabhfaidh, agus a bheidh coimhdeach, le gnóthú an Phríomhchuspóra:

4.1 **Fochuspóirí Tacaíochta**

(a) Chun comhairle, oiliúint, ábhair agus seirbhísí tacaíochta eile, a chur ar fáil do scoileanna arb é a bpolasaí oideachas a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge; do scoileanna eile de réir mar a shocróidh Bord Stiúrthóirí na Cuideachta ó am go chéile; agus do sheirbhísí réamhscoile atá ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge;

(b) Chun cúrsaí oiliúna, cúrsaí eile, áiseanna oiliúna, seimineáir, agus cruinnuithe do bhunaitheoirí, do bhainisteoirí, do thuismitheoirí agus d'fhoirne scoileanna, do sheirbhísí réamhscoile agus do fhorais eile a reachtáil, a chur ar fáil, a chothú agus a fhorbairt.

4.2 **Fochuspóirí Abhcóideachta**

(a) Chun feidhmiú mar pháirtnéir oideachais, aitheanta ag Ranna Stát agus a n-áisíneachtaí chun na gcuspóirí sin, agus abhcóideacht a dhéanamh thar ceann scoileanna agus seirbhísí réamhscoile arb é a bpolasaí oideachas agus seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge, agus ar cheisteanna ábharthacha eile a bhaineann le polasaithe oideachais, polasaithe teanga agus polasaithe Gaeltachta;

(b) Chun cruinnithe poiblí, cruinnithe eile, seimineáir, cúrsaí de gach aon chineál, agus aon áis chuí a mheastar a bheith oiriúnach agus inmholta a reachtáil, a chur ar fáil, a chothú agus a fhorbairt agus chun cuidiú lena leithéid in aon bhealach is cuí d'fhonn eolas agus tuiscint ar an nGaelscolaíocht, ar oideachas Gaeltachta agus ar an réamhscolaíocht lánGhaeilge a chraobhscaoileadh.

4.3 **Feidhmeanna Taighde agus Dea-chleachtais**

(a) Chun staidéar a dhéanamh, taighde a thionscnamh agus scéimeanna píolóiteacha a chur sa tsúil, maidir le haon cheann de na cuspoirí atá luaite thuas;

(b) Chun plé, staidéar, taighde agus scrúdú a dhéanamh ar fhorais, ar chórais agus ar fhoinsí idirnáisiúnta de réir mar is cuí i ngach a mbaineann le cur chun cinn cuspóirí na Cuideachta, agus cruinnithe, seimineáir agus cúrsaí éagsúla a reachtáil go leithleasach nó i gcomhpháirt le forais idirnáisiúnta sa Stát nó taobh amuigh de, nó úsáid ar bith a bhaint as imeachtaí nó áiseanna aon fhorais idirnáisiúnta ar bith ar mhaithe le cur chun cinn aidhmeanna agus cuspóirí na Cuideachta agus comhoibriú agus tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí oideachasúla mionteangacha i dtíortha eile a gcuid cuspóirí a bhaint amach.

4.4 **Comhoibriú le Páirtithe Leasmhara eile**

(a) Chun comhoibriú le haon eagraíocht eile, bíodh sí ag feidhmiú in aon ghníomhaíocht oideachasúil nó ná bíodh, chun aon cheann de na cuspóirí atá luaite anseo a chur chun cinn agus chun áiseanna, cúrsaí oiliúna agus obair thaighde i leith aon cheann de na cuspóirí atá luaite anseo a chur chun cinn ach go háirithe;

(b) Chun idirbheartaíocht i gcomhar leis na húdaráis dhlisteanacha chuí agus faoina réir a dhéanamh nuair is cuí, leis an Ranna Stát, le gach údarás agus foras poiblí, oideachasúil agus eile, le tuismitheoirí agus le dreamanna eile, agus le duine ar bith eile, agus idir aon nó gach dream díobh seo, am ar bith, i ngach a mbaineann le cuspóirí na Cuideachta mar a shonraítear sa Bhunreacht seo iad, fad is nach gcuireann an mhír seo aon srian ná bac d'aon chineál ar fheidhmiú (c) (ii) thuas;

(c) Chun feidhmiú mar phátrún i gcomhpháirt nó go leithleach ar scoileanna, ar choláistí agus ar fhorais eile mar is cuí.

4.5 **Fochuspóirí Oiliúna agus Forbartha Ghairmiúil**

(a) Chun dul i bhfeidhm ar sholáithreoirí Stáit agus eile maidir le riachtanais oiliúna na hearnála lán-Ghaeilge i seirbhísí luathbhlianta, bunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna;

(b) Chun sainchomhairle, cúrsaí teagaisc, múinteoireacht, léachtaí, taispeántais agus litríocht a sholáthar maidir leis na cuspóirí seo nó le haon chuspóir díobh.

4.6 **Fochuspóirí Caidrimh Chumarsáide agus Foilseacháin**

(a) Chun poiblíocht de chineál ar bith a dheanamh chun cuspóirí na Cuideachta a chothú agus chun acmhainní cuí a fhorbairt, a fhoilsiú, a scaipeadh, a dhíol nó a cheannach, nó na nithe sin nó aon chuid de na nithe sin a dhéanamh i gcomhpháirt le haon ghrúpa nó duine eile agus aon chonradh is gá agus is cuí chuige sin a cheangal leis an bpáirtí eile;

5. **Cumhachtaí**

I dteannta na gcumhachtaí a thugtar leis an dlí di, beidh ag an gCuideachta na cumhachtaí seo a leanas, nach mbeidh iontu ach cumhachtaí a ghabhfaidh, agus a

bheidh coimhdeach, leis an bPríomhchuspóir agus nach bhféadfar iad a fheidhmiú ach amháin chun an Príomhchuspóir a chur chun cinn. Is chun an Príomhchuspóir a chur chun cinn a úsáidfear aon ioncam a ghinfear trí na cumhachtaí seo a fheidhmiú:

5.1 Aon síntiús maoine d'aon chineál agus aon réadtiomnú, aon leagáid nó blianacht, aon suibscríbhinn, aon bhronntanas, aon ranníocaíocht nó aon chiste a iarraidh agus a sholáthar ar aon mhodhanna dleathacha agus glacadh leis na nithe sin agus iad a fháil, lena n-áirítear trí phárolla nó trí chomhshocraíochtaí eile den chineál céanna, agus lena n-áirítear (ach gan ginearáltacht na nithe roimhe seo a shrianadh) crannchuir a reáchtáil de réir an dlí chun an Príomhchuspóir a chur chun cinn, agus caipiteal agus ioncam aon leagáide, aon síntiúis nó aon chiste den sórt a úsáid le haghaidh an chuspóra sin.

5.2 Aon iontaobhais charthanúla a ghabháil de láimh, a fhorghníomhú agus a riar, agus glacadh leo, gan aon luach saothair.

5.3 Aon chumann carthanúil, aon institiúid charthanúil, aon iontaobhas carthanúil nó aon chiste carthanúil a bhunú agus tacú leis nó léi nó cabhrú le haon chumann carthanúil, le haon institiúid charthanúil, le haon iontaobhas carthanúil nó le haon chiste carthanúil a bhunú agus le tacú leis nó léi, agus airgead a thabhairt mar shíntiús nó a rathú le haghaidh aon chuspóra charthanúil a mheasfaidh an Chuideachta a chuirfidh a Príomhchuspóir chun cinn.

5.4 Ranníocaíochtaí deonacha, síntiúis dheonacha, tiomnachtaí deonacha nó airgead a bhailiú agus a fháil le haghaidh aon cheann de na cuspóirí réamhráite.

5.5 Iarratas a dhéanamh thar ceann na Cuideachta chuig aon údarás, bíodh sé ina údarás rialtais, ina údarás áitiúil, ina údarás daonchairdiúil nó ina údarás eile, ar chistiú airgeadais d'aon chineál.

5.6 Aon Acht den Oireachtas nó aon reachtaíocht eile a chur i bhfeidhm a bhaineann go díreach leis an bPríomhchuspóir a chur ar aghaidh nó achainí ar aon Acht nó ar aon reachtaíocht den sórt sin nó é nó í a chur chun cinn.

5.7 Faoi réir an chlásail Ioncaim agus Mhaoine anseo, cibé baill foirne a fhostú, agus ar cibé téarmaí, is gá nó is inmhianaithe le haghaidh an Príomhchuspóir a chur chun cinn go cuí.

5.8 Pinsin, aiscí, liúntais nó cúnamh carthanúil a dheonú d'aon duine a rinne seirbhís don Chuideachta mar fhostaí, nó do bhean chéile, fear céile, leanaí nó cleithiúnaithe eile le duine den sórt sin, ar choinníoll nach mó pinsin, aiscí, liúntais nó cúnamh carthanúil den sórt sin ná iad sin a sholáthraítear le scéim pinsean a chumhdaítear le Cuid 30 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, agus ar choinníoll gur oibrigh an Chuideachta scéim pinsean den sórt sin agus go raibh tairbhí na bpinsean, na n-aiscí, na liúntas nó an chúnaimh charthanúil, nó a chéile nó a céile nó a thuismitheoir nó a tuismitheoir, ina chomhalta nó ina comhalta den scéim pinsean le linn dó nó di bheith fostaithe ag an gCuideachta; agus íocaíochtaí a dhéanamh i dtreo árachais, cistí coigiltis agus sochair a bhunú agus ranníocaíocht a dhéanamh leo chun tairbhe d'aon duine atá fostaithe ag an gCuideachta, agus airgead a thabhairt mar shíntiús nó a rathú le haghaidh cuspóirí carthanúla.

5.9 Aon mhaoin réadach nó phearsanta, aon phaitinní, aon chóipchearta, aon cheadúnais, aon chearta agus pribhléidí nó aon eastát nó léas ar bith agus aon chearta, aon phribhléidí agus aon éasúintí ar aon mhaoin nó i leith aon mhaoine a mheasfar is gá chun críocha na Cuideachta a cheannach, a ghlacadh ar léas nó i gcomaoin, a fhruiliú nó a fháil ar shlí eile, agus aon talamh a gheobhaidh an Chuideachta nó ina mbeidh leas aici a fhorbairt agus a chur chun tairbhe, go háirithe tríd an gcéanna a leagan amach agus a ullmhú chun críocha foirgníochta agus le haghaidh foirgnimh agus áiseanna a thógáil, a athrú, a leagan, a mhaisiú, a chothabháil, a fheistiú agus a fheabhsú, agus trí chur, trí phábháil, trí dhraenáil, trí fheirmeoireacht nó trí shaothrú nó trí léasanna ligin nó foirgníochta nó trí chomhaontú foirgníochta, agus trí airgead a thabhairt ar airleacan do thógálaithe, do thionóntaí agus do dhaoine eile agus trí chonarthaí agus comhshocraíochtaí de gach cineál a dhéanamh leo.

5.10 Maoin uile na Cuideachta nó aon chuid di a fháil, a shealbhú, a dhíol, a bhainistiú, a ligean ar léas, a mhorgáistiú, a mhalartú nó a dhiúscairt d'fhonn a Príomhchuspóir a chur chun cinn, a chosaint nó a spreagadh agus d'fhonn infheistíochtaí a éagsúlú.

5.11 Comhoibriú le haon chumann nó le haon institiúid eile le linn aon infheistíochtaí a dhéanamh a údaraítear leis seo chun an Príomhchuspóir a chur chun cinn.

5.12 Airgead a fháil ar iasacht agus a chruinniú ar cibé modh a mheasfar a bheith fóirsteanach, agus bintiúir, stoc bintiúir agus urrúis eile a eisiúint agus, chun aon fhiach nó aon oibleagáid eile de chuid na Cuideachta a urrú, maoin uile na Cuideachta nó aon chuid di, láithreach nó todhchaí, a mhorgáistiú nó a mhuirearú go comhthaobhach nó tuilleadh chun aon urrúis de chuid na Cuideachta a urrú le gníomhas iontaobhais nó le forchinntiú eile.

5.13 Airgead agus maoin de chuid na Cuideachta nach mbeidh ag teastáil láithreach a infheistiú agus déileáil leis nó léi ar cibé modh a sholáthróidh cistí sa tslí is éifeachtaí le haghaidh na cuspóirí réamhráite a chur ar aghaidh agus a chur chun cinn, agus áireofar leis an gcumhacht seo an chumhacht ó am go ham chun aon infheistíochtaí a dhéanfar faoina bun a éagsúlú.

5.14 Aon airgead de chuid na Cuideachta nach mbeidh ag teastáil láithreach lena úsáid i ndáil lena Príomhchuspóir a infheistiú ar cibé modhanna is inmhianaithe leis na Stiúrthóirí agus aon airgead den sórt sin a chur i dtaisce le baincéirí agus le daoine eile; faoi réir, a mhéid a bhaineann le hinfheistíochtaí a dhéanamh, cibé coinníollacha (más ann) agus cibé toilithe (más ann) a fhéadfar a fhorchur nó a cheangal leis an dlí de thuras na huaire agus faoi réir an mhéid dá bhforáiltear anseo ina dhiaidh seo freisin; beidh cead roimh ré le fáil ó na Coimisinéirí Ioncaim i gcás go mbeartóidh an Chuideachta cistí a charnadh ar feadh aon tréimhse is faide ná dhá bhliain chun aon chríoch.

5.15 Glanadh oibleagáidí aon duine, aon ghnólachta nó aon chuideachta agus aisíocaíocht nó íocaíocht phríomhshuimeanna agus ús aon duine, aon ghnólachta nó aon chuideachta nó aisíocaíocht nó íocaíocht dhíbhinní nó ús aon urrús, lena n-áirítear (gan dochar do ghinearáltacht an mhéid roimhe seo) aon chuideachta ar cuideachta shealbhaíochta na Cuideachta í nó ar fochuideachta nó cuideachta chomhlachaithe de chuid na Cuideachta í, a rathú, a fhothú nó a

urrú, cibé acu trí chúnant pearsanta nó trí ghnóthais, maoin agus sócmhainní uile na Cuideachta nó aon chuid díobh (láithreach agus todhchaí) a mhorgáistiú nó a mhuirearú, nó trí gach modh den sórt sin.

5.16 Billí malairte, nótaí gealltanais, billí ládála, barántais, bintiúir agus ionstraimí soshannta nó inaistrithe eile a tharraingt, a dhéanamh, a fhormhuiniú, a lascainiú, a fhorghníomhú, a eisiúint agus a idirbheartú agus glacadh leo.

5.17 Maoin na Cuideachta a árachú in aghaidh aon riosca intuartha de réir a luacha iomláin, agus polasaithe árachais eile a cheannach chun an Chuideachta a chosaint nuair is gá.

5.18 Aon duine de na Stiúrthóirí nó iad go léir a árachú in aghaidh dliteanas pearsanta a thabhófar i leith aon ghnímh nó neamhghnímh arb ionann é, nó a líomhnaítear gurb ionann é, agus sárú iontaoibhe nó sárú dualgais, ar choinníoll gur ghníomhaigh sé nó sí de mheon macánta agus i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna mar iontaobhaí carthanais (mar atá sainmhínithe san Acht Carthanas 2009).

5.19 Iarratas a dhéanamh ar aon phaitinní, aon *brevet d'invention*, aon cheadúnais, aon deonaíochtaí agus aon ní dá leithéid, nó iad a cheannach nó a fháil ar shlí eile, lena dtugtar cearta úsáide atá eisiach, neamheisiach nó teoranta nó aon fhaisnéis rúnda nó aon fhaisnéis eile maidir le haon aireagán ar cosúil go bhféadfaí é a úsáid le haghaidh aon cheann de chuspóirí na Cuideachta nó iad a cheannach ar mhodh a mheasfar a rachaidh go díreach nó go hindíreach chun tairbhe don Chuideachta, agus ceadúnais a úsáid, a fheidhmiú, a fhorbairt nó a dheonú i leith na maoine, na gceart nó na faisnéise a gheofar amhlaidh nó iad a chur chun tairbhe ar shlí eile.

5.20 Cibé modhanna a mheasfar a bheith fóirsteanach a ghlacadh chun táirgí agus/nó seirbhísí na Cuideachta a chur in iúl, go háirithe trí fhógraíocht sa phreas, trí chiorcláin, trí shaothair ealaíne nó spéise a cheannach agus a chur ar taispeáint, trí leabhair agus tréimhseacháin a fhoilsiú agus tríd an idirlíon agus trí dhuaiseanna, luachanna saothair agus síntiúis a dheonú.

5.21 Taitneamhachtaí poiblí a chothabháil, a fheabhsú nó a sholáthar, lena n-áirítear saoráidí áineasa, saoráidí cúram leanaí, saoráidí sláinte poiblí, saoráidí baile, saoráidí leasa agus saoráidí don óige i gcoitinne.

5.22 Aon chomhshocraíochtaí ba dhóigh a chabhródh leis an bPríomhchuspóir a dhéanamh le haon rialtais nó le haon údaráis, bíodh siad ina rialtais uachtaracha nó ina n-údaráis uachtaracha, ina rialtais bhardasacha nó ina n-údaráis bhardasacha, ina rialtais áitiúla nó ina n-údaráis áitiúla nó ina rialtais eile nó ina n-údaráis eile, agus aon chearta, aon phribhléidí agus aon deonaíochtaí is inmhianaithe leis an gCuideachta a fháil ó aon rialtas nó ó aon údarás den sórt sin, agus aon chomhshocraíochtaí, aon chearta, aon phribhléidí agus aon deonaíochtaí den sórt sin a chur i gcrích, a fheidhmiú agus a chomhlíonadh.

5.23 Comhpháirtíocht nó aon chomhshocraíocht le haghaidh brabús a chomhroinnt, le haghaidh aontas leasa, le haghaidh comhoibriú, le haghaidh comhfhiontair, le haghaidh deonaíocht chomharaíochta nó le haghaidh aon ní eile a dhéanamh

le haon duine, aon chuideachta, aon chumann, aon iontaobhas nó aon chomhpháirtíocht nach bhfuil ach cuspóirí carthanúla amháin aige nó aici, a ghabhann d'aon ghnó nó aon idirbheart a fhéadfar a sheoladh chun dul go díreach nó go hindíreach chun tairbhe don Chuideachta, nó atá ar tí gabháil d'aon ghnó nó aon idirbheart den sórt sin, agus a chuireann a laghad de thoirmeasc ar dháileadh ioncaim agus sócmhainní agus a chuireann an Chuideachta toirmeasc air de bhua an chlásail Ioncaim agus Mhaoine anseo, agus conarthaí aon duine, aon chuideachta, aon chumainn, aon iontaobhais nó aon chomhpháirtíochta den sórt sin a rathú, nó cúnamh a thabhairt dó nó di ar shlí eile, agus scaireanna, stoc, bintiúir nó stoc bintiúir agus urrúis bintiúr aon duine, aon chuideachta, aon chumainn, aon iontaobhais nó aon chomhpháirtíochta den sórt sin a ghlacadh nó a fháil ar shlí eile, agus an céanna a dhíol, a shealbhú nó a atheisiúint le ráthaíocht nó gan ráthaíocht nó déileáil leis ar shlí eile.

5.24 Clárú nó corprú na Cuideachta a thabhairt chun críche in Éirinn nó in aon áit lasmuigh di nó faoi dhlíthe na hÉireann nó aon áite lasmuigh di.

5.25 Gach costas a bhaineann agus a ghabhann le corprú agus bunú na Cuideachta a íoc.

5.26 Aon trádáil gnó a dhéanamh léi féin nó i gcomhar le daoine eile, ar trádáil í a bhféadfaidh an Chuideachta, i dtuairim na Stiúrthóirí, í a dhéanamh go buntáisteach i ndáil le haon cheann de na gnóthaí thuas nó i ndáil le gnó ginearálta na Cuideachta agus an Príomhchuspóir á shaothrú aici nó mar thrádáil a bheidh coimhdeach le haon cheann de na gnóthaí thuas nó le gnó ginearálta na Cuideachta.

5.27 Aon chistí carthanúla, aon chumainn charthanúla nó aon institiúidí carthanúla a measfar go gcuirfidh siad an Príomhchuspóir chun cinn nó a measfar go gcabhróidh siad leis a bhunú agus a fhóirdheonú agus cúnamh a thabhairt dóibh.

5.28 Naisc a bhunú agus a chothabháil le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus náisiúnta a bhfuil cuspóirí comhchosúla acu.

5.29 Gach ní dleathach a dhéanamh a mheasfaidh an Chuideachta a ghabhfaidh nó a chabhróidh leis an bPríomhchuspóir réamhráite.

5.30 Gach ní réamhráite a dhéanamh in aon chuid den domhan i riocht príomhoifigigh, gníomhaire, conraitheora, iontaobhaí nó duine eile nó trí iontaobhaithe, gníomhairí nó daoine eile, ag obair di léi féin nó i gcomhar le daoine eile.

**AR CHOINNÍOLL**:

(a) gurb amhlaidh, i gcás go nglacfaidh nó go sealbhóidh an Chuideachta aon mhaoin a bheidh faoi réir aon iontaobhas, nach ndéileálfaidh an Chuideachta leis an gcéanna agus nach n-infheisteoidh sí an céanna, ach amháin ar cibé modh a cheadaítear leis an dlí, ag féachaint d'iontaobhais den sórt sin;

(b) nach bhforléireofar aon ní anseo roimhe seo mar ní lena n-áirítear sna cuspóirí ar lena n-aghaidh a bunaíodh an Chuideachta aon chuspóirí nach cuspóirí carthanúla iad de réir an dlí.

6. **Ioncam agus Maoin**

6.1 Ní úsáidfear ioncam agus maoin na Cuideachta ach amháin chun an Príomhchuspóir/na Príomhchuspóirí atá leagtha amach sa Bhunreacht seo a chur chun cinn. Ní íocfar go díreach ná go hindíreach le comhaltaí den Chuideachta, ná ní aistreofar go díreach ná go hindíreach chuig comhaltaí den Chuideachta, aon chuid d'ioncam agus maoin na Cuideachta ar mhodh díbhinne nó bónais nó ar aon bhealach eile ar mhodh brabúis.

6.2 Ní cheapfar aon Stiúrthóir chuig aon oifig den Chuideachta ar ina leith a íoctar tuarastal nó táillí ná ní bhfaighidh sé nó sí aon luach saothair ná aon sochar eile in airgead nó i luach airgid ón gCuideachta. Mar sin féin, ní chuirfidh aon ní cosc ar an gCuideachta na nithe seo a leanas a íoc de mheon macánta:

(a) luach saothair réasúnach cuí le haon seirbhíseach den Chuideachta (nach Stiúrthóir é nó í) i leith aon seirbhísí arna soláthar don Chuideachta;

(b) ús ar ráta nach mó ná 1% os cionn Ráta Tairgthe Idirbhainc an Euro (Euribor) in aghaidh na bliana ar airgead arna thabhairt ar iasacht ag Stiúrthóirí den Chuideachta don Chuideachta;

(c) cíos réasúnach cuí as áitribh arna bhforléasadh agus arna ligean ar cíos ag aon Stiúrthóir den Chuideachta leis an gCuideachta;

(d) caiteachais réasúnacha chuí as póca arna dtabhú ag aon Stiúrthóir i ndáil lena fhreastal nó lena freastal ar aon ní a dhéanann difear don Chuideachta;

(e) táillí, luach saothair nó sochar eile in airgead nó i luach airgid le haon chuideachta dá bhfuil Stiúrthóir ina chomhalta nó ina comhalta a shealbhaíonn an céadú cuid ar a mhéad de chaipiteal eisithe na cuideachta sin;

(f) Ní chuirfidh aon ní cosc ar an gCuideachta aon íocaíocht a dhéanamh le haon duine de bhun comhaontú arna dhéanamh de réir alt 89 den Acht Carthanas 2009 (arna leasú, arna leathnú nó arna ionadú de thuras na huaire).

7. **Breiseanna, athruithe nó leasuithe**

Ní mór don Chuideachta a chinntiú go mbeidh cóip ag an Rialálaí Carthanas den Bhunreacht is déanaí uaithi. Más rud é go mbeidh sé beartaithe leasú a dhéanamh ar Bhunreacht na Cuideachta agus gur leasú é sin ar gá ceadú roimh ré a fháil ón Rialálaí Carthanas ina leith, ní mór fógra roimh ré i scríbhinn faoi na hathruithe beartaithe a thabhairt don Rialálaí Carthanas lena gceadú, agus ní bheidh aon éifeacht leis an leasú go dtí go bhfaighfear ceadú den sórt sin.

8. **Foirceannadh**

Más rud é, ar an gCuideachta a fhoirceannadh nó a dhíscaoileadh, go mbeidh maoin ar bith fágtha tar éis na fiacha agus na dliteanais uile a bheith glanta, ní dhéanfar í a íoc leis na comhaltaí den Chuideachta ná a dháileadh orthu. Ina ionad sin, tabharfar maoin den sórt sin d'institiúid charthanúil éigin eile nó d'institiúidí carthanúla éigin eile a mbeidh a príomhchuspóirí nó a bpríomhchuspóirí ar aon dul le príomhchuspóirí na Cuideachta nó aistreofar chuig institiúid nó chuig institiúidí den sórt sin í. Maidir leis an institiúid nó leis na hinstitiúidí dá dtabharfar an mhaoin nó chuig a n-aistreofar an mhaoin, cuirfidh sí nó siad an oiread ar a laghad de thoirmeasc ar dháileadh a cuid ioncaim agus maoine nó a gcuid ioncaim agus maoine ar a comhaltaí nó ar a gcomhaltaí agus a fhorchuirtear ar an gCuideachta faoin gclásal Ioncaim agus Maoine anseo nó dá bhua. Roghnóidh na comhaltaí den Chuideachta an institiúid ábhartha nó na hinstitiúidí ábhartha tráth an díscaoilte nó roimhe agus, mura féidir agus sa mhéid nach féidir éifeacht a thabhairt d'fhorálacha den sórt sin, tabharfar an mhaoin do chuspóir carthanúil éigin, nó aistreofar chuig cuspóir carthanúil éigin í, ar chomhaontú an Rialálaí Carthanas a fháil. Déanfar cuntais deiridh a ullmhú agus a chur isteach, ar cuntais iad ina mbeidh rannán ina ndéantar aon sócmhainní arna n-aistriú a shainaithint agus a luacháil agus ina mbeidh mionsonraí na bhfaighteoirí agus téarmaí an aistrithe.

9. **Dliteanas Teoranta**

Tá teorainn le dliteanas na gcomhaltaí.

10. **Gealltanas chun Ranníocaíocht a Dhéanamh**

Geallann gach comhalta den Chuideachta go ranníocfaidh sé nó sí le sócmhainní na Cuideachta más rud é go bhfoirceannfar an Chuideachta le linn dó nó di a bheith ina chomhalta nó ina comhalta, nó laistigh de bhliain amháin tar éis an dáta a scoirfidh sé nó sí dá bheith ina chomhalta nó ina comhalta,

(a) chun íoc as na fiacha agus na dliteanais de chuid na Cuideachta a rachfar fúthu sula scoirfidh sé nó sí dá bheith ina chomhalta nó ina comhalta, agus as costais, muirir agus caiteachais an fhoirceanta; agus

(b) chun coigeartú a dhéanamh ar chearta na ranníocóirí eatarthu féin,

cibé suim is gá ach gan dul thar €1.

## AIRTEAGAIL CHOMHLACHAIS

## RÉAMHRÁITEACH

1. Sna hAirteagail seo, mura bhfuil aon ní san ábhar nó sa chomhthéacs ar neamhréir leis seo:

Ciallaíonn an "**tAcht**" Acht na gCuideachtaí, 2014.

Ciallaíonn an "**Chuideachta**" an Chuideachta thuasluaite.

Ciallaíonn na "**Stiúrthóirí**" na comhaltaí de thuras na huaire de bhord stiúrthóirí na Cuideachta, agus forléireofar "Stiúrthóir" dá réir sin.

Ciallaíonn an "**Rúnaí**" aon duine a ceapadh chun dualgais Rúnaí na Cuideachta a chomhlíonadh.

Ciallaíonn an "**Séala**" Gnáthshéala na Cuideachta.

Déanfar abairtí ina dtagraítear do scríbhinn a fhorléiriú, mura léir a mhalairt d'intinn, mar thagairtí a fholaíonn tagairtí do chlódóireacht, liotagrafaíocht, fótagrafaíocht, agus aon mhodhanna eile chun focail a mhacasamhlú nó a atáirgeadh i bhfoirm infheicthe.

## COMHALTAÍ

2. Chun críocha clárúcháin, glactar leis gurb ionann an líon comhaltaí den Chuideachta agus ochtar déag (18), ach féadfaidh an Chuideachta líon breise comhaltaí a chlárú ó am go ham.

3. Is iad na daoine seo a leanas a bheidh sna comhaltaí den Chuideachta: (i) sínitheoirí an Mheabhráin Chomhlachais; agus (ii) cibé daoine eile a nglacfaidh na Stiúrthóirí leo mar chomhaltaí ó am go ham agus a shíneoidh toiliú i scríbhinn chun a éirí ina gcomhaltaí.

4. Beidh comhaltas na Cuideachta oscailte:

(a) do na scoileanna bunoideachais agus iar-bhunoideachais uile arb é a bpolasaí oideachas a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge, sa scoil ina hiomláine nó i gcuid den scoil, agus a dhearbhaíonn go bhfuil dea-chleachtais na samhla tumoideachais a bhaineann lena scoil á gcur i bhfeidhm aici.

(b) do na seirbhísí luathbhlianta uile, arb é a bpolasaí oideachas a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.

(c) dá leithéid de dhaoine nó eagraíochtaí eile a nglacfaidh an Bord Stiúrthóirí leo mar chomhaltaí ó am go ham.

5. Tá gach iarratas ar bhallraíocht coinníollach ar a bheith faofa ag an mBord Stiúrthóirí agus na critéir chlárúcháin, mar a shocraíonn an Bord Stiúrthóirí ó am go ham.

## CEARTA COMHALTAÍ

6. Ní bheidh comhaltas den Chuideachta inaistrithe agus scoirfidh sé:-

(a) nuair a dhéanfar an comhalta a fhoirceannadh nó a dhíscaoileadh;

(b) más rud é go n-éireoidh an comhalta as trí fhógra i scríbhinn a sheirbheáil ar Stiúrthóirí na Cuideachta ag a hoifig chláraithe.

(c) faoi réir fhorálacha Airteagal 7 agus Airteagal 8, má shocraíonn an Bord Stiúrthóirí nár chomhlíon a leithéid de chomhalta téarmaí na ballraíochta, de réir mar a shocróidh an Bord Stiúrthóirí ó am go ham, nó

(d) más rud é go ndéanfaidh an Bord Stiúrthóirí fógra a sheirbheáil nuair a chuireann an comhalta deireadh lena b(h)allraíocht i gcomhréir le hAlt 1199(8) den Acht.

7. Maidir le comhalta den Chuideachta a ndearnadh cinneadh faoi/fúithi nár chomhlíon sé/sí téarmaí na ballraíochta faoi fhorálacha Airteagal 6(c), gheobhaidh sé/sí fógra nach lú ná 14 lá i scríbhinn de chinneadh den sórt sin, an moladh leis an gcomhaltas a scor agus gearrshonraí ar na cúiseanna. Maidir lena leithéid de chomhalta, agus fógra i scríbhinn tugtha aige/aici don Rúnaí maidir lena rún chun teacht i láthair, éisteoidh na Stiúrthóirí leis nó léi, i bpearsa nó trína g(h)níomhaire atá údaraithe go cuí, ag cruinniú de chuid na Stiúrthóirí, gur cruinniú é den sórt sin a sceidealaíodh roimhe le linn an ghnáthchúrsa gnó nó gur cruinniú é a gaireadh go sonrach d'fhonn éisteacht lena leithéid de chomhalta. De rogha air sin, nó chomh maith leis sin, féadfaidh an comhalta cuí ráiteas i scríbhinn a chur isteach a bheidh curtha san áireamh ag na Stiúrthóirí agus cinneadh á dhéanamh acu maidir leis an gcomhaltas a scor. Ní bheidh an comhalta cuí i láthair do vóta na Stiúrthóirí maidir lena leithéid de chomhaltas a scor ná ní ghlacfaidh sé nó sí páirt sna himeachtaí seachas mar a cheadóidh na Stiúrthóirí.

8. Áit a ndéantar comhaltas a scor le cinneadh ón mBord Stiúrthóirí i gcomhréir le hAirteagail 6(c) agus 7, féadfaidh an t-iarchomhalta achomharc a dhéanamh ar chinneadh an Bhoird Stiúrthóirí faoi chomhaltas na Cuideachta ag Cruinniú Ginearálta i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

(a) is i bhfoirm rún spesialta a bheidh an t-achomharc leis an iarchomhalta cuí a ath-insealbhú ag an gcéad Chruinniú Ginearálta eile den Chuideachta (ar an gcoinníoll nach bhfuil fógra den Chruinniú Ginearálta eisithe go fóill chuig na comhaltaí);

(b) ní mór don iarchomhalta fógra a thabhairt faoin rún le hachomharc a dhéanamh don Bhord Stiúrthóirí agus don Rúnaí i scríbhinn laistigh de chúig lá gnó ó chinneadh an Bhoird Stiúrthóirí leis an gcomhaltas a scor;

(c) agus fógra den sórt sin tugtha, cuirfidh an Rúnaí in iúl don iarchomhalta faoi dháta an chéad Chruinnithe Ghinearálta eile den Chuideachta atá sceidealaithe, ag tabhairt dá (h)aire má dhéantar Cruinniú Ginearálta eile a ghairm, go gcuirfear an t-achomharc síos ag cruinniú níos luaithe den sórt sin;

(d) tabharfar comhdheiseanna don iarchomhalta agus don Bhord Stiúrthóirí chun aghaidh a thabhairt ar an gcomhaltas maidir leis na cúiseanna leis an gcomhaltas a thabhairt ar ais don chomhalta nó le cinneadh an Bhoird Stiúrthóirí a choinneáil leis an gcomhaltas a scor faoi seach; agus

(e) áit a ritheann an comhaltas rún speisialta le hiarchomhalta a ath-insealbhú, beidh éifeacht láithreach ag ath-insealbhú an iarchomhalta sin; ach, ní bheidh cearta ballraíochta cúlghabhálacha i bhfeidhm le linn na tréimhse a ndearnadh an comhaltas a scor; nó

(f) áit nach ritheann an comhaltas rún speisialta leis an iarchomhalta a ath-insealbhú, is cinneadh críochnaitheach é an cinneadh sin agus ní bheidh aon chearta achomhairc eile i bhfeidhm.

## CRUINNITHE GINEARÁLTA

9. Tionólfaidh an Chuideachta cruinniú ginearálta i ngach bliain féilire mar chruinniú ginearálta bliantúil dá cuid ag cibé am agus áit a chinnfidh na Stiúrthóirí agus sonróidh sí an cruinniú amhlaidh sna fógraí á ghairm, ar choinníoll go dtionólfar gach cruinniú ginearálta bliantúil, seachas an chéad cheann, nach mó ná cúig mhí dhéag tar éis an cruinniú ginearálta bliantúil deiridh roimhe sin a thionól agus, ar chuntar go ndéanfaidh an Chuideachta a céad chruinniú ginearálta bliantúil a thionól laistigh d'ocht mí dhéag tar éis an dáta corpraithe, ní gá di é a thionól i mbliain a corpraithe.

10. Tabharfar cruinnithe ginearálta urghnácha ar na cruinnithe ginearálta go léir, seachas cruinnithe ginearálta bliantúla.

11. Féadfaidh na Stiúrthóirí, aon uair is cuí leo é, cruinniú ginearálta urghnách a chomóradh.

12. Más rud é, aon tráth, nach mbeidh leorlíon stiúrthóirí a bheidh inniúil ar ghníomhú chun córam a dhéanamh, féadfaidh aon Stiúrthóir den Chuideachta nó aon chomhalta di cruinniú ginearálta urghnách a chomóradh sa tslí chéanna, chomh fada agus is féidir, leis an tslí ina bhféadfaidh na Stiúrthóirí cruinnithe a chomóradh.

13. Má fhaightear foréileamh ó chomhalta amháin nó níos mó a shealbhaíonn, nó a shealbhaíonn eatarthu, ar dháta taiscthe an fhoréilimh, 10% ar a laghad de chearta vótála uile na gcomhaltaí go léir ag a bhfuil, amhail ar dháta an taiscthe, an ceart vótála ag cruinnithe ginearálta den Chuideachta, rachaidh Stiúrthóirí na Cuideachta ar aghaidh go cuí láithreach chun cruinniú ginearálta urghnách den Chuideachta a chomóradh.

14. Beidh cuspóirí an chruinnithe luaite san fhoréileamh agus beidh an foréileamh sínithe ag na foréilitheoirí agus taiscthe ag oifig chláraithe na Cuideachta, agus féadfaidh doiciméid éagsúla san fhoirm chéanna a bheith ann agus gach ceann acu sínithe ag foréilitheoir amháin nó níos mó.

15. Mura rachaidh na Stiúrthóirí, laistigh de 21 lá tar éis dháta taiscthe an fhoréilimh, ar aghaidh go cuí chun cruinniú a chomóradh a bheidh le tionól laistigh de 2 mhí tar éis an dáta sin (an "dáta taiscthe"), féadfaidh na foréilitheoirí, nó aon duine díobh a ionannóidh 50% ar a laghad de chearta vótála uile gach duine díobh, cruinniú a chomóradh iad féin, ach ní dhéanfar aon chruinniú a chomórfar amhlaidh a thionól tar éis 3 mhí a bheith caite tar éis an dáta taiscthe.

16. Aisíocfaidh an Chuideachta leis na foréilitheoirí aon chaiteachais réasúnacha a thabhaigh na foréilitheoirí toisc gur mhainnigh na Stiúrthóirí cruinniú a chomóradh go cuí, agus déanfaidh an Chuideachta aon suim a aisíocfar amhlaidh a choinneáil as aon suimeanna a bheidh dlite nó le teacht chun bheith dlite ón gCuideachta mar tháillí nó luach saothair eile i leith a seirbhísí do na Stiúrthóirí sin a rinne mainneachtain.

17. Chun críocha Airteagail 14 go 16, measfar, i gcás cruinniú ag a mbeidh rún le tairiscint mar rún speisialta, nach ndearna na Stiúrthóirí an cruinniú a chomóradh go cuí mura mbeidh an fógra sin ina thaobh a cheanglaítear le halt 181 den Acht tugtha acu.

18. Déanfar cruinniú a chomórfar faoi Airteagail 14 nó 16 a chomóradh sa tslí chéanna, chomh fada agus is féidir, leis an tslí ina gcomórfaidh stiúrthóirí cruinnithe.

19. Ní dhéanfar aon ghnó ag aon Chruinniú Ginearálta ach amháin má tá córam comhaltaí i láthair ag an am nuair a rachaidh an cruinniú i mbun gnó. Córam comhaltaí is ea cúig faoin gcéad (5%) de na comhaltaí, i láthair i bpearsa (lena n-áirítear trí áis comhdhála nó trí áis teileachumarsáide eile nó trí áis leictreonach eile) nó trí ionadaí.

20. Is é nó is í an cathaoirleach ar an mbord stiúrthóirí a bheidh i gceannas mar chathaoirleach ag gach cruinniú ginearálta den Chuideachta nó, mura mbeidh aon chathaoirleach den sórt sin ann, nó mura mbeidh sé nó sí i láthair laistigh de 15 nóiméad tar éis an ama a ceapadh chun an cruinniú a thionól, nó mura mbeidh sé nó sí toilteanach gníomhú, toghfaidh na stiúrthóirí a bheidh i láthair duine dá líon chun a bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú.

21. Más rud é, ag cruinniú ar bith, nach mbeidh aon stiúrthóir toilteanach gníomhú mar chathaoirleach, nó nach mbeidh aon stiúrthóir i láthair laistigh de 15 nóiméad tar éis an ama a ceapadh chun an cruinniú a thionól, roghnóidh na comhaltaí a bheidh i láthair duine dá líon chun a bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú.

22. Féadfaidh an cathaoirleach, le toiliú aon chruinnithe a mbeidh córam i láthair aige, agus déanfaidh sé nó sí, má ordaíonn an cruinniú dó nó di amhlaidh, an cruinniú a atráthú ó am go ham agus ó áit go háit. Ach ní dhéanfar ag aon chruinniú atrátha aon ghnó seachas an gnó a fágadh gan chríochnú ag an gcruinniú óna ndearnadh an t-atráthú. I gcás cruinniú a atráthú go ceann 30 lá nó níos mó, tabharfar fógra faoin gcruinniú atrátha mar a dhéanfaí i gcás cruinniú bunaidh ach, faoina réir sin, ní gá aon fhógra a thabhairt faoi atráthú ná faoin ngnó a bheidh le déanamh ag cruinniú atrátha.

23. Maidir le comhalta ar bith a bhfuil ceart aige nó aici vótáil ag cruinnithe ginearálta, féadfaidh sé nó sí, trí fhógra i scríbhinn a chur chuig an gCuideachta, rún (gnáthrún nó rún speisialta) a mholadh lena bhreithniú ag cruinniú ginearálta. Ní mór a leithéid d'fhógra a bheith faighte ag an gCuideachta tráth nach lú ná 28 lá ghlana ó dháta an chruinnithe ag a ndéanfar an rún a bhreithniú agus:

(a) ní mór go mbeidh sé sínithe ag an gcomhalta atá á mholadh;

(b) ní mór go mbeidh an téacs cruinn den rún molta leagtha amach ann; agus

(c) ní mór go mbeidh ráiteas míniúcháin gearr in éineacht leis, más gá.

Bunóidh an Bord Stiúrthóirí fochoiste ar leith chun scrúdú a dhéanamh ar na rúin agus iad a leasú de réir mar is cuí, tar éis dul i gcomhairle le tacadóirí na rún, sula gcuirtear iad faoi bhráid an chruinnithe ghinearálta.

Scaipfidh an Chuideachta í féin an rún molta agus aon ráiteas míniúcháin ar na comhaltaí uile atá i dteideal fógra a fháil faoin gcruinniú, ag an am céanna agus ar an bhealach céanna le doiciméid cruinnithe eile.

Le rúin speisialta atá molta faoin Airteagal seo, comhlíonfar na riachtanais fógra agus vótála uile d'Acht na gCuideachtaí 2014 is infheidhme maidir le rúin speisialta

24. Mura n-éileofar vótaíocht de réir Airteagal 44, ag aon chruinniú ginearálta:

(a) déanfar rún a chuirfear faoi vóta an chruinnithe a chinneadh le taispeáint lámh; agus

(b) beidh dearbhú ón gcathaoirleach go ndearnadh, ar thaispeáint lámh, rún a rith, nó é a rith d'aonghuth nó ag tromlach áirithe, nó a chailleadh, agus taifead sa chéill sin sa leabhar ina gcoimeádtar na miontuairiscí ar imeachtaí na Cuideachta, ina bhfianaise dhochloíte go ndearnadh amhlaidh, gan chruthúnas ar líon nó cionúireacht na vótaí a tugadh i bhfabhar nó i gcoinne an rúin sin.

25. I gcás comhionannas vótaí, cibé acu ar thaispeáint lámh nó ar vótaíocht, beidh teideal ag cathaoirleach an chruinnithe, a ndéanfar an taispeáint lámh nó a n-éileofar an vótaíocht aige, chun an dara vóta nó vóta réitigh a thabhairt.

26. Faoi réir alt 193 den Acht (arna mhodhnú le halt 1208 den Acht), beidh rún i scríbhinn arna shíniú ag na comhaltaí go léir de Chuideachta a bheidh de thuras na huaire i dteideal a bheith i láthair agus vótáil ar an rún sin ag cruinniú ginearálta (nó i gcás comhlachtaí corpraithe, ag a n-ionadaithe cuícheaptha) ina rún chomh bailí éifeachtach chun gach críche agus dá mbeadh an rún arna rith ag cruinniú ginearálta den Chuideachta a comóradh agus a tionóladh go cuí; agus, má thugtar rún speisialta de thuairisc air, measfar gur rún speisialta de réir bhrí an Achta é. Féadfaidh doiciméid éagsúla san fhoirm chéanna a bheith in aon rún i scríbhinn den sórt sin agus gach ceann acu sínithe ag comhalta amháin nó níos mó. Measfar é a bheith rite ag cruinniú a tionóladh an dáta a rinne an comhalta deireanach a shínigh é é a shíniú, agus, i gcás go luafar dáta sa rún mar an dáta a shínigh aon chomhalta é, beidh an lua sin ina fhianaise

prima facie gur shínigh sé nó sí é ar an dáta sin.

## FÓGRA FAOI CHRUINNITHE GINEARÁLTA

27. Gairfear cruinniú den Chuideachta, seachas cruinniú atrátha:

(a) i gcás an chruinnithe ghinearálta bhliantúil nó cruinniú ginearálta urghnách chun rún speisialta a rith, le fógra 21 lá ar a laghad;

(b) i gcás aon chruinnithe ghinearálta urghnách eile, le fógra 7 lá ar a laghad.

28. Measfar go ndearnadh cruinniú den Chuideachta a ghairm go cuí, d'ainneoin é a ghairm le fógra is giorra ná mar atá sonraithe in Airteagal 27, má dhéanann na daoine seo a leanas é a chomhaontú amhlaidh:

(a) na comhaltaí go léir a bheidh i dteideal a bheith i láthair agus vótáil ag an gcruinniú; agus

(b) mura mbeidh aon iniúchóirí reachtúla de chuid na Cuideachta arna gceapadh de chionn an Chuideachta do bhaint leas as an díolúine ó iniúchadh, iniúchóirí reachtúla na Cuideachta.

29. I gcás go dtabharfar fógra faoi chruinniú trí é a chur leis an ngnáthphost réamhíoctha chuig seoladh cláraithe comhalta, ansin, chun críoch aon saincheiste i dtaobh cibé acu a tugadh an tréimhse cheart fógra le haghaidh an chruinnithe sin, measfar gur tugadh an fógra i gceann 24 huaire an chloig tar éis an fógra a chur sa phost.

30. Le linn a chinneadh cibé acu a tugadh an tréimhse cheart fógra le fógra faoi chruinniú, ní chomhairfear an lá a sheirbheálfar an fógra ná lá an chruinnithe a dtabharfar é lena aghaidh.

31. Sonrófar san fhógra faoi chruinniú:

(a) áit, dáta agus am an chruinnithe;

(b) cineál ginearálta an ghnó a bheidh le déanamh ag an gcruinniú;

(c) i gcás rún speisialta beartaithe, téacs nó substaint an rúin speisialta bheartaithe sin; agus

(d) ráiteas réasúnta feiceálach:

(i) go bhfuil comhalta atá i dteideal a bheith i láthair agus vótáil i dteideal seachvótálaí a cheapadh tríd an bhfoirm atá leagtha amach in alt 184 den Acht a úsáid nó, i gcás go gceadófar sin, seachvótálaí amháin nó níos mó a cheapadh chun bheith i láthair, labhairt agus vótáil ina ionad nó ina hionad;

(ii) nach gá do sheachvótálaí a bheith ina chomhalta nó ina comhalta; agus

(iii) go bhfuil an tráth ar faoi nach foláir an seachvótálaí a ghlacadh ag oifig chláraithe na Cuideachta nó áit éigin eile laistigh den Stát mar atá sonraithe sa ráiteas chun na críche sin.

32. Má tharlaíonn de thionóisc nach dtabharfar fógra faoi chruinniú d'aon duine a bheidh i dteideal fógra a fháil nó nach bhfaighidh sé nó sí fógra faoi, ní chuirfidh sin na himeachtaí ag an gcruinniú ó bhail.

## VÓTAÍ COMHALTAÍ

33. I gcás ní a bheith á chinneadh (ar thaispeáint lámh nó ar vótaíocht), beidh vóta amháin ag gach comhalta a bheidh i láthair go pearsanta agus ag gach seachvótálaí, sa tslí, áfach, nach mbeidh thar vóta amháin ag aon chomhalta aonair.

34. Ní dhéanfar aon agóid i gcoinne cháilíocht aon vótálaí ach amháin ag an gcruinniú, nó ag an gcruinniú atrátha, a dtabharfar nó a dtairgfear an vóta aige, agus beidh gach vóta nach ndícheadófar ag an gcruinniú sin ina vóta bailí chun gach críche. Aon agóid den sórt sin a dhéanfar i dtráth cuí, tarchuirfear í chuig cathaoirleach an chruinnithe agus beidh a chinneadh nó a cinneadh ina chinneadh críochnaitheach dochloíte.

35. Féadfar vótaí a thabhairt go pearsanta nó trí sheachvótálaí. I gcás comhionannas vótaí, cibé acu ar thaispeáint lámh nó ar vótaíocht, beidh teideal ag cathaoirleach an chruinnithe, a ndéanfar an taispeáint lámh nó a n-éileofar an vótaíocht aige, chun an dara vóta nó vóta réitigh a thabhairt.

## SEACHVÓTÁLAITHE

36. Aon chomhalta den Chuideachta a bheidh i dteideal a bheith i láthair agus vótáil ag cruinniú den Chuideachta, beidh sé nó sí i dteideal duine eile (cibé acu is comhalta é nó í nó nach ea) a cheapadh chun a bheith ina sheachvótálaí nó ina seachvótálaí dó nó di chun bheith i láthair agus vótáil ina ionad nó ina hionad. Beidh ag seachvótálaí a cheapfar amhlaidh an ceart céanna a bheidh ag an gcomhalta chun labhairt ag an gcruinniú agus vótáil a dhéanamh ar thaispeáint lámh agus ar vótaíocht.

37. Ní foláir an ionstraim lena gceapfar seachvótálaí (an "**Ionstraim Sheachvótála**") a bheith i scríbhinn –

(a) faoi láimh an cheapthóra, nó faoi láimh a aturnae nó a haturnae a bheidh údaraithe go cuí i scríbhinn; nó

(b) más comhlacht corpraithe an ceapthóir, faoi shéala an chomhlachta chorpraithe nó faoi láimh oifigeach nó aturnae dó a bheidh údaraithe go cuí i scríbhinn.

38. Déanfar an Ionstraim Sheachvótála, agus an chumhacht aturnae nó an t-údarás eile, más ann, faoinar síníodh í, nó cóip arna deimhniú ag nótaire den chumhacht sin nó den údarás sin, a thaisceadh ag oifig chláraithe na Cuideachta lena mbaineann nó ag cibé áit eile laistigh den Stát a shonrófar chun na críche sin i bhfógra comórtha an

chruinnithe, agus taiscfear amhlaidh iad tráth nach déanaí ná an t-am seo a leanas:-

(a) 48 n-uaire an chloig roimh an am do thionól an chruinnithe nó an chruinnithe atrátha a mbeidh beartaithe ag an duine a bheidh ainmnithe san ionstraim vótáil aige; nó

(b) i gcás vótaíochta, 48 n-uaire an chloig roimh an am a ceapadh chun an vótaíocht a ghlacadh.

39. Maidir le taisceadh na hIonstraime Seachvótálaí, is tríd an ionstraim a chur in iúl don Chuideachta le modhanna leictreonacha (mar atá sainmhínithe in alt 2 den Acht), agus ní trína seoladh nó trína seachadadh, a dhéanfar é, agus tá feidhm ag an Airteagal seo mar an gcéanna maidir le taisceadh aon ní eile dá dtagraítear san Airteagal roimhe.

40. Is san fhoirm seo a leanas, nó i bhfoirm chomh cóngarach di agus is féidir sna himthosca, a bheidh aon ionstraim lena gceapfar seachvótálaí –

[*Ainm na Cuideachta*] (an "**Chuideachta**")

Déanann [ainm an chomhalta] (an "**Comhalta**") as [Seoladh an Chomhalta] is comhalta den Chuideachta [ainm agus seoladh an tseachvótálaí] nó, ina éagmais sin nó ina héagmais sin, [ainm agus seoladh an tseachvótálaí mhalartaigh] a cheapadh leis seo ina sheachvótálaí nó ina seachvótálaí don Chomhalta chun bheith i láthair, labhairt agus vótáil don Chomhalta thar ceann an Chomhalta ag an gcruinniú ginearálta (bliantúil nó urghnách, de réir mar a bheidh) den Chuideachta a thionólfar an [dáta an chruinnithe] agus ag aon atráthú ar an gcruinniú.

Is mar seo a leanas a vótálfaidh an seachvótálaí:-

Treoracha vótála don seachvótálaí

(An rogha le marcáil le "X")

| Uimhir an rúin nó tuairisc air: | I bhFabhar | Staonadh | I gCoinne |
|---|---|---|---|
| 1. | | | |
| 2. | | | |
| 3. | | | |

Mura dtabharfar a mhalairt de theagasc don seachvótálaí, vótálfaidh sé nó sí mar is cuí leis nó léi.

Síniú an Chomhalta………………………………..

Dar dáta: [dáta] …………………………………….

**VÓTA A THABHAIRT AR VÓTAÍOCHT**

41. Ag cruinniú, féadfar vótaíocht a éileamh i ndáil le ní (cibé acu is roimh an taispeáint lámh nó tar éis a toradh a fhógairt i ndáil leis é).

42. Féadfaidh na daoine seo a leanas vótaíocht a éileamh:

(a) cathaoirleach an chruinnithe;

(b) triúr comhaltaí ar a laghad a bheidh i láthair go pearsanta nó trí sheachvótálaithe;

(c) aon chomhalta nó aon chomhaltaí a bheidh i láthair go pearsanta nó trí sheachvótálaí nó trí sheachvótálaithe agus a ionannóidh 10% ar a laghad de chearta vótála uile na gcomhaltaí go léir den Chuideachta lena mbaineann a mbeidh ceart vótála acu ag an gcruinniú.

43. Maidir le héileamh ar vótaíocht den sórt sin, féadfaidh an duine nó na daoine a rinne an t-éileamh é a tharraingt siar. Faoi réir Airteagal 45, má éilítear vótaíocht go cuí, glacfar í i cibé slí a ordóidh cathaoirleach an chruinnithe, agus measfar gurb é toradh na vótaíochta rún an chruinnithe, i ndáil leis an ní lena mbaineann, ag ar éilíodh an vótaíocht.

44. Má éilítear vótaíocht maidir le toghadh cathaoirligh nó ar cheist faoi atráthú, glacfar an vótaíocht láithreach.

45. I gcás vótaíocht a éileamh ar aon cheist eile, glacfar an vótaíocht cibé am a ordóidh cathaoirleach an chruinnithe, agus féadfar dul ar aghaidh le haon ghnó, seachas an gnó ar éilíodh an vótaíocht air, go dtí go nglacfar an vótaíocht.

46. Measfar freisin maidir leis an ionstraim lena gceapfar seachvótálaí chun vótáil ag cruinniú den Chuideachta go dtugtar léi údarás chun vótaíocht a éileamh nó chun bheith páirteach i vótaíocht a éileamh, agus chun críocha Airteagail 37 agus 38, is ionann éileamh ó dhuine mar sheachvótálaí do chomhalta agus éileamh ón gcomhalta.

47. Nuair a ghlacfar vótaíocht ag cruinniú den Chuideachta nó ag cruinniú d'aon aicme comhaltaí den Chuideachta, ní gá do chomhalta, cibé acu is go pearsanta nó trí sheachvótálaí a bheidh sé nó sí i láthair, a mbeidh teideal aige nó aici chun níos mó ná vóta amháin, má vótálann sé nó sí:-

(a) a vótaí go léir a úsáid; nó

(b) na vótaí go léir a úsáidfidh sé nó sí a chaitheamh ar an dóigh chéanna.

## STIÚRTHÓIRÍ

48. Ní lú ná triúr (3) an líon Stiúrthóirí agus mura gcinnfidh an Chuideachta, agus go dtí go gcinnfidh an Chuideachta, i gcruinniú ginearálta, ní mó ná dáreag (12) é. Is iad na chéad Stiúrthóirí na daoine a bheidh ainmnithe sa ráiteas arna sheachadadh chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí de bhun alt 22 den Acht.

49. Ní bheidh aon luach saothair iníoctha faoi aon imthosca le haon duine de na Stiúrthóirí i leith a sheirbhísí nó a seirbhísí mar Stiúrthóir nó ar aon Choiste de na Stiúrthóirí chuig a bhféadfaidh na Stiúrthóirí cumhachtaí a tharmligean faoi Airteagal 74. Féadfar na Stiúrthóirí a íoc i leith gach costais taistil, costais óstáin agus costais eile a thabhóidh siad go cuí le linn dóibh a bheith ag freastal ar chruinnithe de na Stiúrthóirí, ar aon choiste de na Stiúrthóirí nó ar chruinnithe ginearálta den Chuideachta agus ag filleadh ó na cruinnithe sin nó ar shlí eile i dtaca le gnó na Cuideachta.

50. Déanfaidh na Stiúrthóirí gnó na Cuideachta a bhainistiú, agus féadfaidh siad na caiteachais go léir a thabhófar ag cur na Cuideachta chun cinn agus ag clárú na Cuideachta a íoc, agus féadfaidh siad gach cumhacht de chuid na Cuideachta a fheidhmiú nach cumhacht a gceanglaítear, leis an Acht nó leis na hAirteagail seo, í a fheidhmiú ag an gCuideachta i gcruinniú ginearálta, ach sin faoi réir fhorálacha an Achta agus na nAirteagal seo agus cibé treoracha, nach mbeidh ar neamhréir leis na forálacha réamhráite, a thabharfaidh an Chuideachta i gcruinniú ginearálta (le rún speisialta). Ní chuirfidh aon treoir den sórt sin a thabharfaidh an Chuideachta i gcruinniú ginearálta aon ghníomh a rinne na Stiúrthóirí roimhe sin ó bhail más gníomh é a bheadh bailí dá mba rud é nár tugadh an treoir sin.

51. Gan dochar d'alt 40 den Acht, féadfaidh na Stiúrthóirí aon chumhachtaí dá gcuid a tharmligean chun cibé duine nó daoine is cuí leo, lena n-áirítear coistí; aon choiste den sórt sin, déanfaidh sé, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a tharmligfear amhlaidh, aon rialacháin a chomhlíonadh a fhorchuirfidh na Stiúrthóirí air.

52. Maidir le gach seic, nóta gealltanais, dréacht, bille malairte nó ionstraim shoshannta eile agus maidir le gach admháil ar airgead a íocfar leis an gCuideachta, déanfaidh cibé duine nó daoine é nó í a shíniú, a tharraingt, a ghlacadh, a fhormhuiniú nó a fhorghníomhú ar shlí eile, de réir mar a bheidh, agus ar cibé modh a chinnfidh na Stiúrthóirí ó am go ham le rún.

53. Cuirfidh an Chuideachta faoi deara go gcuirfear miontuairiscí i leabhair a choimeádfar chuige sin:-

(a) ar gach ceapachán oifigeach a dhéanfaidh na Stiúrthóirí;

(b) ar ainmneacha na Stiúrthóirí a bheidh i láthair ag gach cruinniú de na Stiúrthóirí agus d'aon choiste de na Stiúrthóirí;

(c) ar gach rún agus imeacht ag gach cruinniú den Chuideachta, de na Stiúrthóirí agus de choistí de na Stiúrthóirí.

## CUMHACHTAÍ ATURNAE

54. Féadfaidh an Chuideachta a chumhachtú do dhuine ar bith, go ginearálta nó i leith aon nithe a shonrófar, mar aturnae di, gníomhais a fhorghníomhú nó aon ní eile a dhéanamh thar a ceann in aon áit cibé acu is laistigh den Stát nó lasmuigh de é. Beidh gníomhas a bheidh sínithe ag an aturnae sin thar ceann na Cuideachta ina cheangal ar an gCuideachta agus beidh éifeacht leis ionann is dá mbeadh sé faoi ghnáthshéala na Cuideachta.

## DÍCHÁILIÚ STIÚRTHÓIRÍ

55. De bhreis ar na himthosca atá leagtha amach in alt 148(2) den Acht, scarfar le hoifig Stiúrthóra más rud é go scoirfidh Stiúrthóir de bheith cáilithe don phost mar iontaobhaí carthanais faoi alt 55 den Acht Carthanas 2009.

## UAINÍOCHT STIÚRTHÓIRÍ

56. Ag an gcéad Chruinniú Ginearálta Bliantúil den Chuideachta, scoirfidh na Stiúrthóirí go léir dá n-oifig agus, ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil gach bliain ina dhiaidh sin, scoirfidh trian de na Stiúrthóirí de thuras na huaire nó, mura triúr nó iolrú ar thriúr a líon, scoirfidh an líon is gaire do thrian dá n-oifig.

57. Na Stiúrthóirí a scoirfidh dá n-oifig gach bliain, is iad na Stiúrthóirí iad is faide a bheidh i seilbh oifige ó toghadh go deireanach iad ach, i gcás daoine a tháinig chun a bheith ina Stiúrthóirí an lá céanna, déanfar (mura gcomhaontóidh siad eatarthu féin ar a mhalairt) na daoine a bheidh le scor a chinneadh le crannchur.

58. Féadfar Stiúrthóir a bheidh ag scor dá oifig nó dá hoifig a atoghadh don dara nó don tríú théarma de réir Mír 57.

59. Is é trí bliana a bheidh mar an gnáth-théarma oifige do Stiúrthóir. Féadfaidh Stiúrthóirí seirbhís oifige trí théarma ar a mhéad a dhéanamh. Tar éis an dara téarma oifige a chur i gcrích, féadfaidh Stiúrthóirí seasamh le bheith tofa don tríú téarma agus don téarma deiridh de thrí bliana, faoi réir fhaomhadh an Bhoird Stiúrthóirí. Maidir le haon Stiúrthóir a iarrann seasamh don tríú téarma oifige, ní féidir leis nó léi páirt a ghlacadh sa vóta le haghaidh na Stiúrthóirí eile maidir lena leithéid d’atoghadh molta.

60. In ainneoin seirbhíse ceadaithe de naoi mbliana ar a mhéad ar an mBord Stiúrthóirí, is féidir cás eisceachtúil a aontú tar éis plé foirmiúil agus cinneadh an Bhoird Stiúrthóirí atá scríofa sna miontuairiscí chun síneadh a chur leis an uas-seirbhís cheadaithe go dtí níos faide ná naoi mbliana le haghaidh comhalta boird ar leith. Maidir le comhalta bord ar bith a ndéantar breithniú ar a t(h)éarma oifige le haghaidh síneadh ‘cás eisceachtúil’ go dtí níos faide ná 9 mbliana, ní mór dó nó di é/í féin a scaoileadh ó phróiseas cinnteoireachta an Bhoird Stiúrthóirí i dtaobh an cháis. Ní féidir a leithéid de shíneadh a cheadú ach amháin mar chás eisceachtúil agus déanfaidh an bord cinneadh faoi fhad an tsínidh tar éis na cúinsí áirithe a bhreithniú ag an am.

61. Féadfaidh an Chuideachta, ag cruinniú ag a scoirfidh Stiúrthóir mar a dúradh, an oifig ar scaradh léi a líonadh trí dhuine a thoghadh chuici, agus mura ndéanfar amhlaidh, measfar an Stiúrthóir a bheidh ag scor, má thairgeann sé é féin nó sí í féin le haghaidh atoghadh, a bheith arna atoghadh nó arna hatoghadh, mura rud é (a) go gcinnfear go sainráite, le rún, ag an gcruinniú sin gan an oifig sin ar scaradh léi a líonadh nó (b) gur cuireadh rún go n-atoghfaí an Stiúrthóir sin faoi bhráid an chruinnithe agus gur cailleadh air.

62. Ní bheidh duine ar bith, seachas Stiúrthóir a bheidh ag scor dá oifig nó dá hoifig ag an gcruinniú, intofa d'oifig Stiúrthóra ag aon chruinniú ginearálta, gan é a bheith molta ag na Stiúrthóirí, mura rud é gur fágadh in oifig chláraithe na Cuideachta, trí lá ar a laghad agus aon lá is fiche ar a mhéad roimh an lá a bheidh ceaptha don chruinniú (a) fógra i scríbhinn arna shíniú ag comhalta a bheidh cáilithe go cuí chun bheith i láthair agus vótáil ag an gcruinniú dá dtabharfar an fógra sin, á rá go bhfuil ar intinn aige nó aici an duine sin a thairiscint chun a thofa nó a tofa, agus (b) fógra i scríbhinn arna shíniú ag an duine sin go dtoilíonn sé nó sí lena thoghadh nó lena toghadh.

63. Féadfaidh an Chuideachta ó am go ham, le gnáthrún, an líon Stiúrthóirí a mhéadú nó a laghdú agus féadfaidh sí freisin a chinneadh cad é an uainíocht ar dá réir a rachaidh an líon méadaithe nó laghdaithe as oifig.

64. Féadfaidh an Chuideachta, le gnáthrún ar tugadh fógra fadtréimhse faoi de réir alt 146 den Acht, aon Stiúrthóir a chur as oifig sula mbeidh deireadh lena thréimhse oifige nó lena tréimhse oifige d'ainneoin aon ní sna hAirteagail seo nó in aon chomhaontú idir an Chuideachta agus aon stiúrthóir den sórt sin. Beidh cur as oifig den sórt sin gan dochar d'aon éileamh a bheidh ag aon stiúrthóir den sórt sin ar dhamáistí mar gheall ar shárú ar aon chonradh seirbhíse idir é nó í féin agus an Chuideachta.

65. Féadfaidh an Chuideachta, le gnáthrún, duine eile a cheapadh in ionad aon Stiúrthóra a cuireadh as oifig faoi Airteagal 64. Gan dochar do chumhachtaí na Stiúrthóirí faoi Airteagal 66, féadfaidh an Chuideachta i gcruinniú ginearálta aon duine a cheapadh chun a bheith ina stiúrthóir chun corrfholúntas a líonadh nó mar Stiúrthóir breise.

66. Féadfaidh na Stiúrthóirí, aon tráth, aon duine a cheapadh chun a bheith ina Stiúrthóir den Chuideachta, chun corrfholúntas a líonadh nó de bhreis ar na Stiúrthóirí láithreacha, ach ionas nach mó an líon iomlán Stiúrthóirí den Chuideachta aon tráth ná an líon, más ann, dá bhforáiltear sna hAirteagail seo. Aon Stiúrthóir a cheapfar amhlaidh, ní bheidh sé nó sí i seilbh oifige ach go dtí an chéad chruinniú ginearálta bliantúil eile, agus féadfar é nó í a atoghadh ansin.

## IMEACHTAÍ STIÚRTHÓIRÍ

67. Ar an mBord Stiúrthóirí beidh Uachtarán agus Leas-Uachtarán agus Oifigigh eile den sórt sin de réir mar a d'fhéadfadh an Bord Stiúrthóirí a shocrú ó am go ham. Ainmneoidh agus ceapfaidh na Stiúrthóirí an tUachtarán agus an Leas-Uachtarán as a líon féin. Leagfar síos sa Lámhleabhar Rialachais téarmaí oifige an Uachtaráin, an Leas-Uachtaráin agus aon Oifigigh eile.

68. Roghnóidh an Bord Stiúrthóirí an tUachtarán, an Leas-Uachtarán agus aon Oifigigh eile ag cruinniú díreach roimh an gCruinniú Ginearálta Bliantúil sa bhliain ina bhfuil ceapachán nua de dhíth.

69. Féadfaidh na Stiúrthóirí teacht le chéile chun gnó a chur i gcrích, agus féadfaidh siad a gcruinnithe a chur ar atráth agus a rialáil thairis sin de réir mar is cuí leo. Déanfar ceisteanna a eascróidh ag aon chruinniú den sórt sin a chinneadh le tromlach vótaí. I gcás comhionannas vótaí, beidh an dara vóta nó vóta réitigh ag an gcathaoirleach. Féadfaidh Stiúrthóir, agus déanfaidh an Rúnaí ar fhoréileamh ó Stiúrthóir, aon tráth, cruinniú de na Stiúrthóirí a ghairm. Má bheartaíonn na Stiúrthóirí amhlaidh le rún, ní gá fógra faoi chruinniú Stiúrthóirí a thabhairt d'aon Stiúrthóir, ar a bhfuil cónaí sa Stát, má bhíonn sé nó sí as láthair de thuras na huaire ón Stát.

70. Is é an córam atá riachtanach chun gnó na Stiúrthóirí a dhéanamh ná 50% de líon na Stiúrthóirí.

71. Féadfaidh na Stiúrthóirí leanúnacha gníomhú d'ainneoin aon fholúntais ina líon ach, más rud é go mbeidh, agus fad a bheidh, a líon faoi bhun an lín a socraíodh, leis an Acht nó dá bhun, mar an córam riachtanach Stiúrthóirí, féadfaidh na Stiúrthóirí leanúnacha nó an Stiúrthóir leanúnach gníomhú chun an líon Stiúrthóirí a mhéadú go dtí an líon sin nó chun cruinniú ginearálta den Chuideachta a ghairm ach ní fhéadfaidh siad gníomhú chun aon chríche eile.

72. Más rud é ag aon chruinniú nach mbeidh an cathaoirleach i láthair laistigh de 15 nóiméad tar éis an ama a ceapadh chun an cruinniú a thionól, féadfaidh na Stiúrthóirí a bheidh i láthair duine dá líon féin a roghnú chun a bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú.

73. Féadfaidh na Stiúrthóirí aon chumhachtaí dá gcuid a tharmligean chun Coistí ar a mbeidh cibé comhalta nó comhaltaí de na Stiúrthóirí agus cibé daoine eile is cuí leo, agus déanfaidh aon Choiste a bhunófar amhlaidh, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a tharmligfear amhlaidh, aon rialacháin a chomhlíonadh a fhorchuirfidh na Stiúrthóirí air.

74. Féadfaidh na Stiúrthóirí an cathaoirleach ar aon Choiste a cheapadh; mura dtoghfar aon chathaoirleach den sórt sin, nó más rud é ag aon chruinniú de Choiste nach mbeidh an cathaoirleach i láthair laistigh de chúig nóiméad déag tar éis an ama a ceapadh chun an cruinniú a thionól, féadfaidh na comhaltaí den choiste a bheidh i láthair duine dá líon féin a roghnú chun a bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú.

75. Féadfaidh coiste teacht le chéile agus dul ar atráth de réir mar is cuí leis. Déanfar ceisteanna a eascróidh ag aon chruinniú de choiste a chinneadh le tromlach vótaí na gcomhaltaí a bheidh i láthair, agus i gcás comhionannas vótaí, beidh an dara vóta nó vóta réitigh ag an gcathaoirleach.

76. Gach gníomh a dhéanfaidh aon chruinniú de na Stiúrthóirí nó aon duine a bheidh ag gníomhú mar chomhalta de na Stiúrthóirí nó d'aon Choiste, beidh sé, d'ainneoin fios a fháil ina dhiaidh sin go raibh locht éigin ar cheapadh aon duine den sórt sin a bheidh ag gníomhú mar a dúradh, nó go raibh sé nó sí nó aon duine de na Stiúrthóirí dícháilithe, chomh bailí agus dá mbeadh gach duine den sórt sin arna cheapadh go cuí.

77. Beidh rún i scríbhinn arna shíniú ag na Stiúrthóirí go léir a bheidh de thuras na huaire i dteideal fógra a fháil maidir le cruinniú de na Stiúrthóirí chomh bailí céanna is dá mbeadh sé arna rith ag cruinniú de na Stiúrthóirí a comóradh agus a tionóladh go cuí. Féadfaidh doiciméid éagsúla san fhoirm chéanna a bheith in aon rún i scríbhinn den

sórt sin, agus gach ceann acu sínithe ag duine amháin nó níos mó de na Stiúrthóirí, agus beidh éifeacht leis chun gach críche ón tráth a shíneoidh an stiúrthóir deireanach é.

78. Maidir le cruinniú de na Stiúrthóirí nó de choiste a bhunóidh na Stiúrthóirí, féadfaidh gurb éard a bheidh ann comhdháil idir cuid de na Stiúrthóirí nó na Stiúrthóirí go léir nó, de réir mar a bheidh, comhaltaí den choiste nach bhfuil go léir in aon áit amháin, ach a bhfuil gach duine acu ábalta (go díreach nó trí chumarsáid ar an teileafón, físchumarsáid nó cumarsáid leictreonach eile) labhairt le gach duine de na Stiúrthóirí eile nó de na comhaltaí eile den choiste agus le bheith le cloisteáil ag gach duine de na Stiúrthóirí eile nó de na comhaltaí eile den choiste agus –

(a) measfar Stiúrthóir nó comhalta den choiste a bheidh páirteach i gcomhdháil den sórt sin a bheith i láthair i bpearsa ag an gcruinniú agus beidh sé nó sí i dteideal vótáil agus a bheith comhairthe i gcóram dá réir sin; agus

(b) measfar go mbeidh cruinniú den sórt sin ann –

(i) i gcás go mbeidh an grúpa is mó díobh sin a bheidh páirteach sa chomhdháil tionólta le chéile;

(ii) mura mbeidh aon ghrúpa den sórt sin ann, i gcás go mbeidh cathaoirleach an chruinnithe ansin;

(iii) mura mbeidh feidhm ag fomhír (i) ná (ii), i cibé áit a chinnfear sa chruinniú féin.

## AN RÚNAÍ

79. Déanfaidh na Stiúrthóirí an Rúnaí a cheapadh go ceann cibé tréimhse, agus ar cibé luach saothair agus coinníollacha, is cuí leo; agus féadfaidh siad aon Rúnaí a cheapfar amhlaidh a chur as oifig.

80. Aon fhoráil den Acht nó de na hAirteagail seo lena gceanglaítear ar Stiúrthóir agus ar an Rúnaí ní a dhéanamh, nó lena n-údaraítear dóibh ní a dhéanamh, nó lena gceanglaítear nó lena n-údaraítear ní a dhéanamh maidir leo, ní chomhlíonfar í tríd an ní sin a bheith déanta ag an duine céanna nó maidir leis nó léi agus é nó í ag gníomhú mar Stiúrthóir agus mar Rúnaí nó in ionad an Rúnaí.

## SÉALA

81. Ní úsáidfear an séala ach amháin le húdarás na Stiúrthóirí, nó le húdarás coiste de Stiúrthóirí a bheidh údaraithe chuige sin ag na Stiúrthóirí, agus maidir le gach ionstraim dá ngreamófar an séala –

(a) beidh sí sínithe ag Stiúrthóir de chuid na Cuideachta nó ag duine éigin eile a bheidh ceaptha chun na críche sin ag a Stiúrthóirí nó ag coiste réamhráite dá gcuid; agus

(b) beidh sí comhshínithe ag an Rúnaí nó ag dara Stiúrthóir de chuid na Cuideachta nó ag duine éigin eile a bheidh ceaptha chun na críche sin ag a Stiúrthóirí nó ag coiste réamhráite dá gcuid.

## CUNTAIS

82. Cuirfidh na Stiúrthóirí faoi deara go gcoimeádfar taifid chuntasaíochta leordhóthanacha. Measfar taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a bheith cothabháilte más rud é go gcomhlíonfaidh siad alt 282(1) go 282(3) den Acht agus go míneofar idirbhearta na Cuideachta iontu agus go n-éascóidh siad ullmhú ráiteas airgeadais ina dtugtar léargas fíorcheart ar shócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas na Cuideachta.

83. Coimeádfar na taifid chuntasaíochta san oifig chláraithe nó, faoi réir alt 283 den Acht, i cibé áit eile is cuí leis na Stiúrthóirí, agus beidh siad ar fáil gach tráth réasúnach lena n-iniúchadh ag oifigigh na Cuideachta agus ag daoine eile a bheidh i dteideal de bhun an Achta iad a iniúchadh.

84. Cinnfidh na Stiúrthóirí ó am go ham cé acu a bheidh agus cá mhéad a bheidh, agus cad iad na tráthanna a bheidh agus na háiteanna a mbeidh, agus na coinníollacha agus na rialacháin faoina mbeidh, taifid chuntasaíochta na Cuideachta nó aon cheann díobh ar fáil lena n-iniúchadh ag a comhaltaí, nach Stiúrthóirí. Ní bheidh ceart ar bith ag aon chomhalta (nach Stiúrthóir) chun aon ráiteas airgeadais nó taifead cuntasaíochta de chuid na Cuideachta a iniúchadh ach amháin ceart mar a thugtar le reacht nó leis an mBunreacht seo nó mar a údaróidh na Stiúrthóirí nó an Chuideachta i gcruinniú ginearálta.

85. Cuirfidh na Stiúrthóirí faoi deara, de réir an Achta, go n-ullmhófar, agus go leagfar faoi bhráid chruinniú ginearálta bliantúil na Cuideachta, ráitis airgeadais reachtúla na Cuideachta agus tuarascáil na Stiúrthóirí orthu agus tuarascáil an iniúchóra reachtúil ar na ráitis airgeadais sin agus ar thuarascáil na Stiúrthóirí, mar a cheanglaítear leis an Acht go n-ullmhófar iad agus go leagfar faoi bhráid chruinniú ginearálta bliantúil na Cuideachta iad.

86. Cóip de ráitis airgeadais reachtúla na Cuideachta agus de thuarascáil na Stiúrthóirí orthu agus de thuarascáil an iniúchóra reachtúil ar na ráitis airgeadais sin agus ar thuarascáil na Stiúrthóirí, seolfar iad, tráth nach déanaí ná aon lá is fiche roimh dháta an chruinnithe ghinearálta bhliantúil, chuig gach duine a bheidh i dteideal iad a fháil faoi alt 338(1) den Acht.

## INIÚCHÓIREACHT

87. Déanfar iniúchóirí a cheapadh agus a ndualgais a rialáil de réir Chaibidlí 18 agus 19 de Chuid 6 den Acht.

## FÓGRAÍ

88. Féadfaidh an Chuideachta fógra a thabhairt d'aon chomhalta go pearsanta nó trí é a chur leis an bpost nó le modhanna leictreonacha (mar atá sainmhínithe in alt 2(1) den

Acht) chuig an gcomhalta ag a sheoladh cláraithe nó a seoladh cláraithe nó ag a sheoladh ríomhphoist cláraithe nó a seoladh ríomhphoist cláraithe (nó, mura bhfuil sé cláraithe, chuig an seoladh nó an seoladh ríomhphoist is déanaí is eol don Chuideachta a bheith ag an gcomhalta). Beidh feidhm ag alt 218(5) den Acht.

Sinne, na daoine uile agus faoi seach a bhfuil a n-ainmneacha agus a seoltaí scríofa acu anseo thíos, is mian linn go ndéanfaí cuideachta dínn de bhun an bhunreachta seo.

| Ainmneacha, Seoltaí agus Tuairiscí na Sínitheoirí |
| --- |

Arna dhátú an lá de 20

Finné leis na sínithe sin thuas: -

Seoladh an fhinné